# Páipéar Comhairliúcháin don Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann

## DOICIMÉAD ACHOMAIR

Tá an Páipéar Comhairliúcháin ar fáil ina iomlán ag http://www.irishaid.ie/whitepaper

LEAN AN T-ATHBHREITHNIÚ AR:

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

# An tAthbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh Rialtas na hÉireann dóibh siúd is boichte ar domhan. Is é cion tairbhe na hÉireann é i leith na troda i gcoinne na bochtaineachta ar fud an domhain agus léiriú praiticiúil atá ann ar na luachanna atá againn mar náisiún. Beidh an clár Cúnamh Éireann ag seachadadh €639 milliún chun an bhochtaineacht a laghdú sa bhliain 2012.

Foilsíodh an Páipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann i mí Mheán Fómhair 2006. Is ráiteas ar bheartas an Rialtais é an Páipéar Bán. Cuireann sé an troid in aghaidh na bochtaineachta domhanda i lár bheartas eachtrach na hÉireann agus leagtar amach ann treoirphrionsabail an chláir cúnaimh.

I mí an Mheithimh 2011, fógraíodh Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann mar thoradh ar ghealltanas a rinneadh sa Chlár don Rialtas. Déanfar imscrúdú san Athbhreithniú sin ar an dul chun cinn atá déanta ag Cúnamh Éireann, agus ar an gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta i láthair na huaire. Cabhróidh sé chun an beartas a threorú sna blianta atá romhainn.

Is é an tAire Stáit do Thrádáil agus Forbairt ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an tUasal Joe Costello, T.D., atá ag stiúradh an Athbhreithnithe. Soláthróidh Sainghrúpa Comhairleach Chúnamh Éireann maoirseacht neamhspleách (féach http://www.iaeag.ie). Comhairliúchán leathan a bheidh ann le gach príomh-gheallsealbhóir, lena n-áirítear an pobal, an tsochaí shibhialta, tíortha comhpháirtíochta, an earnáil phríobháideach agus an tOireachtas.

# An dul chun cinn atá déanta

Tá níos mó fócais agus éifeachta ag baint le clár cúnaimh na hÉireann ón uair a foilsíodh an Páipéar Bán. Aithnítear Cúnamh Éireann anois a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh cúnamh a dhéanamh níos éifeachtaí. Tá ról ceannaireachta glactha ag Éirinn sa troid in aghaidh an ocrais ar fud an domhain; tá feabhas curtha aici ar bhealaí chun éigeandálaí daonnúla a chosc agus chun freagairt dóibh; agus tá meicníochtaí maoirseachta agus córais cuntasachta láidre forbartha aici.

Bhí réimsí ann nach ndearnadh an dul chun cinn iontu a rabhthas ag súil leis. Rinneadh an Páipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann a fhorbairt tráth a raibh leibhéal fáis an gheilleagair ag ardú, agus leagadh amach ann clár oibre a bhí idir leathan agus uaillmhianach. Rinneadh laghdú 30% idir na blianta 2008 agus 2011 ar bhuiséad cúnaimh na hÉireann mar thoradh ar an laghdú ar chaiteachas poiblí ag éirí as an staid dheacair gheilleagrach atá ann.

Bíodh is gur dhearbhaigh Rialtas na hÉireann arís go bhfuil sé tiomanta don sprioc atá ag na Náisiúin Aontaithe do Chúnamh Oifigiúil Forbartha, sin 0.7% den Olltáirgeacht Náisiúnta, ní mór don Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán pleanáil a athshuí laistigh de chomhthéacs na ndúshlán reatha maidir leis an mbuiséad agus le hacmhainní daonna.

# Tá an Comhthéacs ag Athrú

Tá an domhan ag athrú – agus cuid den athrú sin is ea athrú ar chomhthéacs na forbartha idirnáisiúnta.

Tá an bhochtaineacht dhomhanda á laghdú agus tá an chosúlacht air faoi láthair go mbainfimid amach Sprioc Forbartha na Mílaoise chun an bhochtaineacht dhomhanda a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2015.

San áit a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, tá ról lárnach ag cúnamh ann.

- ✓ Tá 40 milliún páiste breise ag freastal ar an scoil inniu i gcomparáid leis an mbliain 2000.
- ✓ Fágann cláir sláinte agus vacsaínithe go bhfuil 12,000 níos lú páiste ag fáil bháis gach lá.
- ✓ Tá rochtain faighte ag 1.6 billiún duine ar uisce óil glan ón mbliain 1990 i leith.
- ✓ Tá laghdú níos mó ná 50% tagtha ar chásanna maláire in 11 tír san Afraic.

Tá sé ag éirí níos soiléire, mar sin féin, go bhfuil an bhochtaineacht níos seasmhaí agus níos comhchruinnithe i réigiúin agus i ndúichí áirithe. Is san Afraic fho-Shahárach is mó atá an bhochtaineacht agus meastar go mbeidh leath de dhaonra an domhain atá bocht le fáil ann faoin mbliain 2030.

Tá an líon daoine bochta atá ina gcónaí i gcathracha i dtíortha meánioncaim ag ardú chomh maith, agus cúiseanna imní iad na leibhéil arda neamhionannais agus eisiaimh shóisialta.

Is díobhálach na tionchair atá ag an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, ag praghsanna arda bia agus fuinnimh agus ag athrú na haeráide, agus tá droch-rialachas, easpa slándála agus caimiléireacht ina bhfadhbanna in go leor tíortha i gcónaí.

Ag an am céanna, tá rátaí arda fáis gheilleagraigh ag go leor tíortha tearcfhorbartha, agus tá ag éirí leo an spleáchas atá acu ar bhronntóirí a laghdú. Ar an gcaoi chéanna, tá caidreamh polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta agus trádála ar fud an domhain ag athrú go tapaidh, agus tá tíortha cosúil leis an Bhrasaíl, an India, an tSín, an Rúis agus an Afraic Theas ag teacht chun cinn go mór.

Ní mór an comhthéacs athraitheach seo a chur san áireamh nuair atá an treo ina mbeidh Cúnamh Éireann ag dul sa todhchaí á mheas. Ní mór don treo sin a bheith bunaithe freisin ar na hacmhainní airgeadais agus daonna is dócha a bheidh ar fáil sna blianta atá amach romhainn. Éileoidh sé sin fócas níos mó ar phríomhthosaíochtaí agus ar an luach is mó is féidir a fháil ar gach airgead a chaithfear agus cuntasacht shoiléir ann agus torthaí atá intomhaiste a bheith ann.

# Na Príomh-shaincheisteanna

I measc na bpríomh-shaincheisteanna a d'fhéadfadh an tAthbhreithniú ar an bPáipéar Bán a bhreithniú, áirítear na cinn seo a leanas:

- Ocras – tá ocras ar bheagnach billiún duine inniu, sin duine as gach seachtar de dhaonra an domhain.
- Staideanna leochaileachta – tá níos mó ná 1.5 billiún duine ag maireachtáil i gcónaí i dtíortha ina bhfuil comhlintí foréigneacha.
- Athrú na haeráide – is iad na tíortha agus na daoine bochta is mó atá ag brath ar shócmhainní an chomhshaoil agus atá leochaileach do thionchair dhíobhálacha athrú na haeráide.
- Ag freagairt do bhunriachtanais – tá sé den riachtanas do leas an duine agus don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san fhadtéarma go gcosnófaí sláinte, go ndéileálfaí le VEID/SEIF, agus go soláthrófaí oideachas ar ardchaighdeán.
- Dea-rialachas agus cearta an duine – gnéithe lárnacha den fhorbairt iad meas a bheith ar chearta an duine, caimiléireacht a chosc agus cuntasacht a fheabhsú.
- Comhionannas inscne – bíodh is go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, gné lárnach den bhochtaineacht agus den leochaileacht é neamhionannas inscne, chomh maith le bheith ina shárú mór ar chearta an duine.
- An earnáil phríobháideach – tá ról lárnach ag an earnáil phríobháideach ó thaobh nuálaíocht a chur chun cinn, rachmas, ioncam agus fostaíocht a chruthú, acmhainní intíre a chur chun feidhme agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar leibhéal na bochtaineachta.

# Bealaí Oibre

Tá go leor athruithe tagtha le cúig bliana anuas ar an gcaoi ina seachadtar cúnamh. Tá sé rí-thábhachtach an cúnamh a dhéanamh níos éifeachtaí: tacóidh sé ar shlí níos fearr le laghdú na bochtaineachta, beidh torthaí níos réadúla air dóibh siúd atá bocht, agus tabharfaidh sé luach níos mó ar airgead.

Agus an Rialtas ag aithint nach bhfuil i gcúnamh ach gné amháin den réiteach, tá Stráitéis Afraice nua aige (ar fáil ag http://www.dfat.ie) a sholáthraíonn creat do chur chuige comhleanúnach i leith chaidreamh polaitiúil, fhorbartha agus gnó na hÉireann leis an Afraic.

Á bhreithniú dó an chaoi ar féidir leis an Rialtas na bealaí ina sheachadann sé clár cúnaimh éifeachtach a láidriú tuilleadh, breathnóidh an tAthbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann ar an gcaoi leis na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Cinntiú go n-uasmhéadófaí an cumas atá ag cúnamh forbartha chun saolta a fheabhsú, an bhochtaineacht a laghdú agus cabhrú chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.
- Comhleanúnachas beartais níos fearr a bhaint amach – ag cinntiú go dtacóidh beartais rialtais trí chéile le torthaí forbartha dearfacha.
- Oibriú níos fearr lenár bpríomh-chomhpháirtithe. Áireofar leis seo imscrúdú a dhéanamh ar an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann do thíortha comhpháirtíochta (lena n-áirítear na naoi dTír Cláir ainmnithe, is iad sin an Aetóip, Leosóta, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, Tíomór Thoir, Uganda, Vítneam, agus an tSaimbia), eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus eagraíochtaí iltaobhacha (a bhfaigheann gach ceann acu isteach is amach leis an triú cuid de mhaoiniú Chúnamh Éireann).
- Torthaí forbartha a bhaint amach, agus cuntas a thabhairt orthu.
- Cinntiú go mbeidh rannpháirtíocht an phobail ann maidir le saincheisteanna forbartha agus úinéireacht ar an iarracht cúnaimh.
- Maoiniú cúnaimh a chur ar bhunús níos intuartha.

  

# Ceisteanna don Athbhreithniú

Tá líon príomh-cheisteanna á gcur san Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann agus táthar ag iarraidh tuairimí na ngeallsealbhóirí – lena n-áirítear an pobal féin– maidir leo seo:

## An dul chun cinn atá déanta

Ar éirigh leis an Rialtas na gealltanais a rinneadh sa Pháipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann a chur i bhfeidhm?

## Athrú Comhthéacs

Céard iad na himpleachtaí a bheidh ag na hathruithe sa chomhthéacs domhanda agus intíre do chlár cúnaimh an Rialtais sa todhchaí agus cén tionchar a n-imreoidh siad ar na tosaíochtaí atá ann faoi láthair?

## Príomh-shaincheisteanna

Cén chaoi ar cheart don Rialtas freagairt do na phríomh-shaincheisteanna seo a leanas: an t-ocras, an leochaileacht, athrú na haeráide, bunriachtanais, rialachas & cearta an duine agus comhionannas inscne? An bhfuil saincheisteanna eile ann?

I bhfianaise na n-acmhainní teoranta agus an gá atá ann iad a spriocdhíriú, céard iad na saincheisteanna ar cheart don Rialtas tús áite a thabhairt dóibh sna cláir cúnaimh a bheidh aige sa todhchaí?

## Bealaí Oibre

Cén chaoi ar féidir leis an Rialtas na bealaí oibre atá aige chun clár cúnaimh éifeachtach a sheachadadh a láidriú tuilleadh, d'fhonn torthaí réadúla a fháil maidir le laghdú na bochtaineachta?

# An Próiseas Comhairliúcháin

Beidh an comhairliúchán poiblí don Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann á reáchtáil idir mí Feabhra agus mí Aibreáin 2012. Is féidir le geallsealbhóirí aitheanta leas a bhaint as raon leathan deiseanna chun páirt a ghlacadh san Athbhreithniú, lena n-áirítear iad seo a leanas:

## Páirt a ghlacadh i gceann de na cruinnithe comhairliúcháin phoiblí, mar seo a leanas:

| Ionad | Dáta | Am |
|---|---|---|
| Strand Hotel, Limerick | 6 Feabhra 2012 | 19.00 - 21.00 |
| Clarion Hotel, Cork | 5 Márta 2012 | 19.00 - 21.00 |
| Radisson Blu Hotel, Lána an Óir, Baile Átha Cliath | 26 Márta 2012 | 15.00 - 17.30 |
| Glasshouse Hotel, Sligo | 16 Aibreán 2012 | 19.00 - 21.00 |

## Freagairt don Athbhreithniú i scríbhinn.

Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag www.irishaid.ie/whitepaper .

Foilseoidh an Rialtas Tuarascáil Athbhreithnithe i bhfómhar na bliana 2012. Leagfaidh sé seo amach an bealach chun cinn don chlár cúnaimh sna blianta atá romhainn.

### An chaoi le freagra i scríbhinn a thabhairt

Is féidir freagraí i scríbhinn a chur isteach tríd an bpost nó, go roghnach, trí ríomhphost chuig:

**An tAthbhreithniú ar an bPáipéar Bán maidir le Cúnamh Éireann,**
**Cúnamh Éireann, Teach Riverstone,**
**23-27 Sráid Anraí,**
**Luimneach, Éire.**
WhitePaperReview@dfa.ie

Ba cheart freagraí i scríbhinn a bheith curtha isteach faoi **5pm on 25 Aibreán 2012**.

Bí cinnte le do thoil go gcloífidh na freagraí leis na treoirlínte maidir le freagraí scríofa. Féach ar an bPáipéar Comhairliúcháin (Iarscríbhinn B) ag www.irishaid.ie/whitepaper.

Má tá aon cheist agat, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le: WhitePaperReview@dfa.ie Teil: **01 408 2000**